RABHADH: Le linn an gléas a shuí, cinntigh nach bhfuil aon bhac nó damáiste ar an gcorda fothaithe.

RABHADH: Ná cuir an iomarca asraon soicéid soghluaiste nó fothú cumhachta soghluaiste ar chúl an ghléis.

RABHADH: Chun aon ghuais dóiteáin a chosc mar thoradh ar éagobhsaíocht an ghléis, ní mór é a dhaingniú i gcomhréir leis na treoracha a leanas:

Má úsáideann do ghléas R600a mar chuisneán (tabharfar an t-eolas seo ar lipéad an fhuaraitheora), is gá duit bheith cúramach le linn iompair agus suiteála chun nach dtiocfaidh damáiste ar chomhpháirteanna an fhuaraitheora. Is gás nádúrtha, neamhdhíobhálach don chomhshaol é R600a, ach bíonn sé pléascach. I gcás sceite mar gheall ar dhamáiste do na chomhpháirteanna fuaraithe, bog an cuisneoir amach ó aon tine nó foinsí teasa agus aeraigh an seomra ina bhfuil an gléas ar feadh cúpla nóiméad.

- Le linn an cuisneoir a iompar agus a shuí, ná cuir damáiste ar an gciorcad gáis fuaraithe.
- Ná coinnigh substaintí pléascacha amhail cannaí aerasóil le tiomántán so-lasta sa ghléas seo.

- Tá an gléas seo beartaithe i gcomhair úsáide an tí, lena n-áirítear:
  - limistéir foirne na cistine i siopaí, oifigí agus timpeallachtaí oibre eile.
  - tithe feirme agus le cliaint in óstáin, móstáin agus timpeallachtaí den chineál cónaithe eile.
  - timpeallachtaí den chineál leaba is bricfeasta;
  - úsáid i gcomhair lónadóireachta agus neamh-thráchtála eile.
- Mura meaitseálann an soicéad plug an chuisneora, is gá dó bheith athchurtha ag an ndéantóir, gníomhaire seirbhíse nó daoine cáilithe eile chun guais a chosc.
- Tá plug talmhaithe go speisialta ceangailte le sreang chumhachta an chuisneora. Ba chóir an plug sin a úsáid le soicéad talmhaithe go speisialta ar 16 amperes. Mura bhfuil soicéad dá leithéid sin i do theach, ba chóir duit ceann a fháil suiteáilte ag leictreoir údaraithe.
- Is féidir leis an ngléas seo bheith úsáidte ag páistí 8 mbliana d'aois nó níos sine agus daoine a bhfuil cumais fisiceacha, céadfacha nó meabhair íslithe acu nó easpa taithí agus oiliúint má thugtar maoisreacht nó treoracha dóibh maidir le húsáid an ghléis ar bhealach sábháilte agus tuigeann siad na guaiseanna a bhaineann leis. Ba chóir do pháistí gan imirt leis an ngléas. Ba chóir do pháistí gan chothabháil glanta agus úsáideora a dhéanamh gan mhaoirseacht.
- Má bhíonn damáiste ar an gcorda fothaithe, is gá dó bheith athchurtha ag an ndéantóir, gníomhaire seirbhíse nó daoine cáilithe eile chun guais a chosc.
- Níl an gléas seo beartaithe le húsáid ag airde níos mó ná 2000 m.

Sean-chuisneoirí agus As Ord

- Má bhíonn glas ag do chuisneoir, bris nó bain an glas sula ndéanann tú diúscairt ar an ngléas, ós féidir le páistí bheith gafa istigh ann agus timpiste tarlú.



- Seans go bhfuil ábhair inslithe agus fuaraithe ag sean-chuisneoirí agus sean-reoiteoirí le CFC nó HFC. Dá bhrí sin, bí cúramach gan dochar a dhéanamh don chomhshaol le linn do shean-chuisneoir a dhiúscairt.

Labhair le d'údarás áitiúil maidir le diúscairt an WEEE ar mhaithe le athúsáide, athchúrsála agus athshlánaithe.

Nótaí:

- Léigh an lámhleabhar treoracha go cúramach sula ndéanann tú an gléas a shuiteáil nó a úsáid. ***Ní ghlacaimid freagracht as damáiste a tharlaíonn mar gheall ar mhí-úsáid.***
- Lean na treoracha go léir ar lámhleabhar treoracha do ghléis, agus coinnigh an lámhleabhar seo in áit shábháilte chun dul i ngleic le haon fhadhb ar féidir tarlú.
- Déantar an gléas seo le húsáid i dtithe cónaithe. Ní féidir leat ach é a úsáid i dtimpeallacht chónaithe agus chun na cuspóra sonraithe. Níl sé oiriúnach don úsáid thráchtála nó comónta. Má úsáidtear é sa slí sin, cuirfear an barántas ar ceal agus ní bheidh ár gcomhlacht freagracht as caillteanais a thagann as sin.
- Déantar an gléas seo le húsáid i dtithe cónaithe amháin agus tá sé oiriúnach i gcomhair bia a fhuarú / choimeád. Níl sé oiriúnach don úsáid thráchtála nó comónta agus/nó chun substaintí eile nach bia iad a choimeád ann. Ní ghlacann ár gcomhlacht freagracht as caillteanais a thagann as neamhaird air sin.

Rabhaidh Sábháilteachta



- Ná ceangail do Chuisneoir Reoiteora leis an bhfothú leictreachais sa phríomhlíne le sreang sínte.
- Ná plugáil isteach plug a bhfuil damáiste air, briste nó ró-shean.
- Ná tarraing, ná lúb agus ná cuir damáiste ar an gcorda sin.



- Tá an gléas seo deartha i gcomhair úsáide ag daoine fásta, ná lig do pháistí imirt leis an ngléas agus ná lig dóibh crochadh ar an ndoras.



- Ná tadhaill riamh an corda/plug cumhachta le lámha fliucha, ós rud é gur féidir leis sin gearrchiorcad nó turraing leictreach a spreagadh.
- Ná cuir buidéil gloine nó cannaí dí ar an urrann déanta oighir, ós rud é gur féidir leo pléascadh nuair a reoann an leacht istigh.



- Ná cuir ábhair pléascacha nó so-lasta sa chuisneoir. Cuir deochanna a bhfuil go leor alcól acu go hingearach san urrann cuisneora agus cinntigh go bhfuil an barr dúnta go daingean.
- Le linn oighear a bhaint ón urrann déanta oighir, ná tadhaill air. Is féidir le hoighear dó seaca agus/nó gearradh a chur ort.



- Ná tadhaill ar na nithe reoite le do lámha fliucha. Ná hith uachtar reoite nó ciúib oighir láithreach i ndiaidh duit iad a bhaint ón urrann déanta oighir.
- Ná hath-reo nithe reoite tar éis dóibh leá. Is féidir leis sin fadhbanna sláinte a chur ort, amhail nimhiú bia.



- Ná clúdaigh corp nó barr an chuisneora le lása. Imríonn sin tionchar ar fheidhmíocht an chuisneora.
- Daingnigh aon oiriúintí sa chuisneoir le linn iompair chun damáiste ar na hoiriúintí a chosc.

Do Chuisneoir-Reoiteoir a Shuiteáil is a Oibriú

Sula n-úsáidtear an cuisneoir, ní mór aird a thabhairt ar na pointí a leanas:

- Is é voltas oibriúcháin do chuisneora ná 220-240V ag 50Hz.
- Ná húsáid cuibheoir plug.
- Ní ghlacaimid freagracht as aon damáiste a tharlaíonn de bharr úsáide neamh-thalmhaithe.
- Cuir do chuisneoir in áit nach mbeidh sé nochtaithe ar sholas díreach na gréine.
- Ba chóir go mbeidh do ghléas ar a laghad 50 cm amach ó chócaireáin, oighinn gáis agus teitheora, agus ar a laghad 5 cm amach ó oighinn leictreacha.
- Ba chóir do do chuisneoir gan bheith riamh lasmuigh nó nochtaithe ar bháisteach.
- Nuair a chuirtear do chuisneoir in aice le reoiteoir domhain, ba chóir ar a laghad 2 cm bheith ann eatarthu chun tais a chosc ar an ndromchla seachtrach.

- Ná cuir aon rud ar do chuisneoir, agus suitigh an cuisneoir in áit oiriúnach ionas go bhfuil ar a laghad 15 cm spáis saor ar fáil os a cionn.



- Úsáid na cosa tosaigh in-choigeartaithe chun a chinntiú go bhfuil do ghléas réidh agus seasmhach. Is féidir leat na cosa a choigeartú ach iad a chasadh in aon treo acu. Ba chóir é sin a dhéanamh sula gcuireann tú bia sa chuisneoir.
- Sula n-úsáideann tú an cuisneoir, cuimil gach cuid de le tuaslagán uisce bogthe agus spunóg tae décharbónáit sóidiam, ansin sruthlaigh le huisce glan agus triomaigh. Cuir gach cuid sa chuisneoir i ndiaidh glanta.
- Suitigh an treoir faide plaisteach (an chuid le heití dubha ag an gcúl) ach é a chasadh 90° (mar a thaispeántar sa léaráid) chun cosc a chur ar an gcomhdhlúthadán ó thadhall ar an mballa.



- Ní mór an cuisneoir seo a chur in aghaidh balla le spás saor nach dtéann thar 75 mm.

Sula nÚsáidtear do Chuisneoir-Reoiteoir

- Le linn do chuisneoir a úsáid don chéad uair, nó i ndiaidh iompair, coinnigh é ar shocrú ingearach ar a laghad 3 huaire roimh é a phlugáil leis an bpríomhlíne. Ceadaíonn sé sin oibriúchán éifeachtach agus cuireann sé cosc ar dhamáiste don chomhbhrúiteoir.



- Seans go mbeidh boladh ar do chuisneoir nuair a oibrítear é don chéad uair. Bíonn sé normálta agus imeoidh an boladh nuair a thosaíonn do chuisneoir ag fuarú.

CUID - 2. NA FEIDHMEANNA AGUS GNÉITHE DIFRIÚLA

Faisnéis maidir leis an Teicneolaíocht Fuaraithe Nua-Aoise

Bíonn córas oibriúcháin difriúil ag cuisneoirí le teicneolaíocht fuaraithe nua-aoise i gcomparáid le cuisneoirí statacha. I gcuisneoirí eile (statacha), seans go dtiocfaidh an iomarca oighir san urrann reoiteora mar gheall ar an doras a oscaill agus tais san urlár. I gcuisneoirí mar sin, teastaíonn díreo rialta; is gá an cuisneoir a chasadh as, an bia reoite a bhogadh go dtí coimeádán oiriúnach agus an oighear a tháinig ar an urrann reoiteora a bhaint.



I gcuisneoirí le teicneolaíocht fuaraithe nua-aoise, séideann fean aer fuar tirim go cothrom tríd na hurrainn cuisneora agus reoiteora. Fuarann an t-aer fuar do bhia go cothrom aonfhoirmeach, ag cur coisc ar thais agus an iomarca oighir.

San urrann cuisneora, tagann fuacht ar an aer a shéideann an fean, ar bharr an urrainn cuisneora, le linn dó dul tríd an mbearna taobh thiar den ducht aeir. Ag an am céanna, séideann an t-aer amach tríd na poill sa ducht aeir, ag scaipeadh aeir fuaraithe go cothrom tríd an urrann cuisneora.

Níl aon phasáiste ann idir na hurrainn reoiteora agus cuisneora. Dá bhrí sin, ní mheascaíonn na bolaidh.

Mar thoradh, tugann do chuisneoir, le teicneolaíocht fuaraithe nua-aoise, úsáid éasca duit chomh maith le go leor spás agus cuma álainn.

Taispeáint agus painéal rialúcháin



Do Chuisneoir-Reoiteoir a Oibriú

Socruithe teochta an fhuaraitheora

- Is é an luach teochta tosaigh don Taiscéalaí Shocrú Fuaraitheora ná 6 °C.
- Brúigh an cnaipe socraigh uair amháin, tosóidh an luach socraithe ag caochadh.
- Má leanann tú ag brú an cnaipe socraigh, roghnófar teochtaí níos ísle. (8, 6, 5, 4, 2, sár agus eicea)
- Mura mbrúitear aon chnaipe in 1 soicind, beidh do rogha socraithe, agus beidh sé ag caochadh 3 huaire. Déanfaidh an doránaí “bíp bíp”.
- Fanfaidh an luach teochta roghnaithe sula gcumasaítear Mhodh An-Fhuar nó Modh Coigilte mar an gcéanna nuair a bhíonn an modh críochnaithe nó cealaithe. Leanann an gléas ag oibriú leis an luach teochta seo.

Modh an-fhuar

Conas é a úsáid?

Brúigh an cnaipe socraigh go dtí go bhfeictear an siombail an-fhuar ar an scáileán. Déanfaidh an doránaí “bíp bíp”. Beidh an modh socraithe.

Le linn an mhodh seo:

- Ní féidir modh coigilte a roghnú.
- Is féidir modh an-fhuar a chealú leis an oibriúchán céanna a dhéantar le roghnú.

Modh coigilte

Conas é a úsáid?

Brúigh an cnaipe socraigh go dtí go bhfeictear an siombail eicea ar an scáileán. Déanfaidh an doránaí “bíp bíp”. Beidh an modh socraithe.

Le linn an mhodh seo:

- Is féidir an-fhuar a roghnú. Cuirtear modh coigilte ar ceal go huathoibríoch agus cumasaítear an modh roghnaithe.
- Is féidir modh coigilte a chealú leis an oibriúchán céanna a dhéantar le roghnú.

Rabhaidh faoi Choigeartuithe Teochta

- Ba chóir coigeartú teochta a dhéanamh de réir minicíochta oscailte an dorais, méid bia á choinneáil istigh sa chuisneoir.
- Ná téigh go dtí coigeartú eile sula gcríochnaíonn tú an coigeartú reatha.
- Ba chóir do chuisneoir a oibriú suas go dtí 24 huaire de réir teochta an tseomra gan sos i ndiaidh dó bheith plugáilte isteach le bheith fuaraithe go hiomlán. Ná hoscail doirse do chuisneora go minic agus ná cuir an iomarca bia istigh sa tréimhse sin.
- Cuirtear feidhm moille 5 nóiméad chun damáiste a chosc don chomhbhrúiteoir i do chuisneoir le linn an plug a bhaint amach agus ansin é a phlugáil arís chun é a oibriú, nó nuair a tharlaíonn cliseadh fuinnimh. Tosóidh do chuisneoir ag oibriú go normálta i ndiaidh 5 nóiméad.
- Tá do chuisneoir deartha chun oibriú i dteocht an tseomra ar eatraimh luaite sna caighdeáin, de réir aicme aeráide luaite sa lipéad faisnéise. Ní mholtar do chuisneoir a oibriú lasmuigh luachanna teorainn teochta luaite ó thaobh éifeachtachta fuaraithe.
- Tá an gléas seo deartha le húsáid ag teocht an tseomra laistigh raon 10°C - 43°C.

Aicme Aeráide	Teocht an tSeomra °C
T	Idir 16 agus 43 (°C)
ST	Idir 16 agus 38 (°C)
N	Idir 16 agus 32 (°C)
SN	Idir 10 agus 32 (°C)

Treoracha suiteála tábhachtacha

Tá an gléas seo deartha chun oibriú i gcoinníollacha aeráide deacair (suas go dtí 43 gcéim C nó 110 gcéim F) agus faigheann sé cumhacht ó theicneolaíocht 'Sciath Reoiteora' a chinntíonn nach mbeidh bia sa reoiteoir ag díreo fiú má íslíonn teocht an tseomra chomh híseal le -15 °C. Só is féidir leat ansin do ghléas a shuiteáil i seomra gan téamhú agus ní gá bheith buartha faoi bhia sa reoiteoir ag dul in éag. Nuair a fhilleann teocht an tseomra go leibhéal normálta, is féidir leat leanúint ag úsáid an ghléis mar is gnáth.

Oiriúintí

Bosca Reoiteora

Ceadaíonn an bosca reoiteora bia a bhíonn á chothabháil níos minice.

Conas bosca an reoiteora a bhaint:

- Tarraing an bosca chomh fada agus is féidir
- Tarraing an taobh tosaigh den bhosca agus ansin amach.

! Déan an t-oibriúchán céanna bunoscionn chun an t-urrann sleamhnaithe a athshocrú.

Nóta: Coinnigh hanla an bhosca i gcónaí agus an bosca á bhaint.



Seilf Fhuaraithe (I samhaltáin áirithe)



Má choimeádann tú bia san urrann Fuaraitheora seachas an reoiteoir nó an cuisneoir, fanfaidh an bia sin úr agus blasta níos faide, agus beidh cuma úr air freisin. Nuair a bhíonn tráidire an fhuaraitheora salach, bain agus glan é le huisce.

(Reoann uisce ag 0°C, ach reoann bia a bhfuil salann nó siúcra iontu ag teocht níos ísle ná sin)

De ghnáth, úsáidtear an urrann fuaraitheora i gcomhair éisc úir, picilte bog, rís, srl.

Ná cuir bia ar mian leat a reo nó tráidirí oighir chun oighear a dhéanamh.

Seilf Fhuaraithe a Bhaint

- Cuir an seilf Fhuaraithe amach i do threo ach é a shleamhnú ar ráillí.
- Cuir an seilf fhuaraithe suas ón ráillí chun baint.

Nótaí:

- Socraigh teocht go 2° - beidh an teocht istigh in urrann an fhuaraitheora níos ísle ná 0°.
- Socraigh teocht go 4° - níos oiriúnaí d'iasc agus feoil.
- Socraigh teocht go 5° - níos oiriúnaí do bhia úr nach iasc nó feoil é.
- Socraigh teocht níos airde ná 5° - beidh an teocht istigh in urrann an fhuaraitheora níos airde ná 3°.

Rialaitheoir Taise (I samhaltáin áirithe)

Nuair a bhíonn an rialaitheoir Taise sa socrú dúnta, ceadaíonn sé do thorthaí agus glasraí úra bheith stóráilte níos faide.

I gcás go bhfuil an tarraiceán glasraí go hiomlán lán, ba chóir an diail úr a bhfuil os comhair an tarraiceáin glasraí a oscailt. Leis an aer sin sa tarraiceán glasraí, rialófar an ráta taise agus beidh an saolré seasmhachta níos faide.

Má fheiceann tú aon chomhdhlúthú ar an seilf ghloine, ba chóir rialú taise a chur sna suíomhana oscailte.



Seilf In-choigeartaithe an Dorais (I samhaltáin áirithe)

Is féidir sé choigeartú difriúil a dhéanamh chun limistéir stórála a theastaíonn uait a dhéanamh i seilf in-choigeartaithe an dorais.

Chun an socrú a athrú i seilf in-choigeartaithe an dorais;

Beir greim ar thaobh bun na seilf agus tarraing na cnaipí ar thaobh seilfe an dorais i dtreo na saighde (Fig.1).



Figiúr -1

Cuir seilf an dorais san airde a theastaíonn uait ach é a bhogadh suas agus síos. Tar éis duit socrú a fháil a theastaíonn uait do sheilf an dorais, scaoil na cnaipí ar thaobh seilf an dorais (Fig.2). Sula scaoileann tú seilf an dorais, bog suas agus síos chun a chinntiú go bhfuil seilf an dorais daingean.



Figiúr -2

Nóta: Sula lódálann tú seilf an dorais, is gá duit tacú ar an mbun chun greim a choinneáil ar an seilf. Murab amhlaidh, d'fhéadfadh an tseilf titim amach as na ráillí mar gheall ar mheáchan. Só d'fhéadfadh damáiste teacht ar sheilf an dorais nó na ráillí.

Seilf Ghloine in-choigeartaithe (I samhaltáin áirithe)

Tugann meicníocht seilf ghloine in-choigeartaithe níos mó spáis stórála le gluaiseacht shimplí. Chun an tseilf ghloine a chlúdú, brúigh í.



Figiúr -1

Is féidir leat do bhia a lódáil mar is mian leat sa spás breise a thagann as sin. Chun an tseilf a thabhairt ar ais go dtí an chéad shocrú, tarraing i do threo í.



Figiúr -2

Teic Iain Nádúrtha / Ianaitheoir (I samhaltáin áirithe)

Scaipeann an Teic Iain Nádúrtha iain diúltacha, a neodrann na cáithníní droch-bholaidh agus dusta san aer.

Nuair a bhaintear na cáithníní sin ón aer sa chuisneoir, cuireann an Teic Iain Nádúrtha feabhas le caighdeán an aeir agus baineann sé bolaidh.

- Is feidhm roghnach í seo. Seans nach mbeidh sí ar fáil i do tháirge.
- Seans go mbeidh gléas ianaitheora in áiteanna difriúla ó tháirge go táirge.



Caomhnóir Maxi-fresh



Cabhraíonn an teicneolaíocht Maxi-fresh Caomhnóra gás eitiléin a bhaint (biththáirge a scaoileann bia úr go nádúrtha) agus droch-bholaidh ón tarraiceán glasraí. Sa tslí sin, fanann an bia úr níos faide.

- Is gá an Caomhnóir Maxi-fresh a ghlanadh uair sa bhliain. Ba chóir an scagaire a fhreastal ar feadh 2 huaire ag 65 °C san oighean.
- Chun an scagaire a ghlanadh, bain clúdach chúl bhosca an scagaire ach é a tharraingt i dtreo na saighde.
- Ba chóir gan an scagaire a nigh le huisce nó aon ghlantach.



Seans go mbeidh cur síos físiúil agus téacs difriúil ar na oiriúintí de réir samhaltáin do ghléis.

CUID -3. AG EAGRÚ BIA SA GHLÉAS

Urrann an Chuisneora

- I gcomhair coinníollacha oibriúcháin normálta, is leor luach teochta na coda fuaraitheora sa chuisneoir a athrú go 4°C.
- Chun tais agus méid seaca a ísliú, ná cuir riamh leachtanna i gcoimeádáin nach bhfuil séalaithe isteach sa chuisneoir. De ghnáth, bailítear sioc sna codanna is fuaire den ghalaitheoir agus teastaíonn díreo níos minice uaidh le ham.
- Ná cuir bia te isteach sa chuisneoir. Ba chóir i gcónaí fanacht ar an mbia fuarú go teocht an tseomra agus e a heagrú chun go mbeidh sreabhadh aeir cuí san urrann cuisneora.
- Ba chóir gan aon rud tadhall ar an gcúl, ós féidir leis sin sioc a spreagadh agus is féidir go mbeidh pacáistí greamaithe leis an mballa cúil. Ná hoscail doras an chuisneora ró-mhinic.
- Eagraigh feol agus iasc glanta (cumhdaithe i bpacáistí nó píosaí plaisteach) a mbeidh in úsáid agat 1-2 lá, sa chuid bhun an urrainn cuisneora (a bhfuil os cionn tarraiceáin glasraí), ós é sin an chuid is fuaire agus cinnteoidh sé na coinníollacha stórála is fearr.
- Is féidir leat torthaí agus glasraí a chur isteach sa tarraiceán glasraí gan phacáiste.

Tá moltaí áirithe sonraithe thíos i gcomhair do bhia a chur agus a stóráil san urrann fuaraithe.

Bia	Uasmhéid ama stórála	Cén áit le cur san Urrann Cuisneora
Glasraí agus torthaí	1 Seachtain	Ciseán glasraí
Feol agus iasc	2 - 3 lá	Cumhdaithe i bpíosa nó mála plaisteach nó i gcoimeádán feoil (nó sa seilf ghloine)
Cáis úr	3 - 4 lá	I seilf speisialta an dorais
Im agus margairín	1 Seachtain	I seilf speisialta an dorais
Táirgí i mbuidéil bainne agus iógairt	Go dtí an dáta éaga molta ag an ndéantóir	I seilf speisialta an dorais
Uibheacha	1 Mí	Sa seilf ubh
Bia cócaireáilte		Gach seilf

NÓTA: Ba chóir gan phrátaí, oinniúin nó gairleog a stóráil sa chuisneoir.

Urrann an Reoiteora

- Úsáid urrann an reoiteora i do chuisneoir chun bia reoite a stóráil ar tréimhse fada agus chun oighear a dhéanamh.
- Chun an t-acmhainn is mó a fháil i gcomhair urrainn an reoiteora, ná húsáid ach seilfeanna gloine i gcomhair coda uachtaraí agus láir. I gcomhair coda bhun, úsáid an ciseán íseal.
- I gcomhair feidhmíochta optamaí chun teacht ar an acmhainn reoiteora is mó, socraigh an cuisneoir ag 4°C ar feadh 24 huaire sula gcuireann tú bia úr isteach sa reoiteoir.
- I ndiaidh bia úr a chur sa reoiteoir, athraigh an socrú go 2°C ar feadh 24 huaire agus is leor sin de ghnáth. I ndiaidh 24 huaire, is féidir leat an socrú a ísliú más gá.
- Chun bia úr a reo: cumhdaigh agus séalaigh an bia mar is cuí, ba chóir don phacáiste bheith gan aer agus gan sceitheadh. Is fearr málaí reoiteora speisialta, málaí polaitéin scragaill alúmanaim agus coimeádáin plaisteacha.
- Ná cuir an bia le reo in éineacht le bia reoite.
- Ba chóir duit an bia le bheith reoite (feol, mionfheoil, iasc, srl) a roinnt i gcodanna ar féidir a úsáid go hiomlán chun iad a reo.
- Ná reoigh arís an bia a bhí reoite tar éis dó téamhú. D'fhéadfadh sé bheith contúirteach don sláinte, ós féidir leis fadhbanna amhail nimhiú bia a spreagadh.
- Ná cuir béilí te isteach sa reo domhain sula n-éiríonn siad fuar. Má dhéantar sin, eireoidh an bia eile a bhí reoite istigh ann lofa.
- Nuair a cheannaíonn tú bia reoite, cinntigh go bhfuil sé reoite faoi choinníollacha cuí agus nach bhfuil an pacáiste briste.
- Le linn bia reoite a stóráil, ba chóir aird a thabhairt ar na coinníollacha stórála sa phacáiste. Mura bhfuil aon mhíniúchán, ba chóir an bia a ithe chomh luath agus is féidir.
- Má bhí tais sa phacáiste agus tá boladh lofa air, seans go raibh an bia stóráilte faoi choinníollacha míchuí agus d'éirigh sé lofa. Ná ceannaigh an cineál sin bia!
- Athraíonn fad stórála do bhia reoite ag brath ar theocht an tseomra, cé chomh minic a osclaítear agus a dúntar na doirse, socruithe teirmeastait, cineál bia agus an t-am a chuaigh thart ón uair ar cheannaigh tú an bhia go dtí an t-am a chuirtear é sa reoiteoir. Cloígh leis na treoracha sa phacáiste i gcónaí agus ná téigh riamh thar an tréimhse stórála a mholtar.
- Le linn cliseadh cumhachta ar feadh tréimhse fada, ná hoscail doras an urrainn reoiteora domhain. Le linn cliseadh cumhachta fada, ná hathreoigh do bhia agus ith é chomh luath agus is féidir.

Tabhair faoi deara: más mian leat doras an chuisneora a oscailt láithreach i ndiaidh a dhúnta, ní féidir go héasca. Bíonn sin normálta! I ndiaidh dó teacht ar an gcoinníoll cothromaíochta, osclóidh an doras arís go héasca.

Nóta tábhachtach:

- *Ba chóir bia reoite a chócaireacht mar bhia úr i ndiaidh duit é a dhíreo. Mura bhfuil siad déanta tar éis bheith díreoite, ná hathreo iad RIAMH.*
- Athraíonn an blas a bhíonn ag spiosraí áirithe i mbéilí áirithe (ainís, baisleac, biolar, fínéagar, spiosraí difriúla, sinséar, gairleog, oinniún, mustard, tím, oragán cumhra, piobar dubh, srl) agus éiríonn sé láidir nuair a stóráiltear iad ar feadh tréimhse fada. Dá bhrí sin, ba chóir an bia reoite a chur ann le beagán spiosraí nó ba chóir na spiosraí a chur tar éis dó bheith díreoite.
- Braitheann tréimhse stórála an bhia ar an ola úsáidte. Is iad na holaí oiriúnacha ná margairín, saill, ola olóige agus im agus is iad na holaí míchuí ná ola pis talún agus saill muiceola.
- Ba chóir don bhia leachtach bheith reoite i gcupáin plaisteacha agus ba chóir bia eile a reo i bpíosaí nó málaí plaisteacha.

Feol agus iasc	Ullmhúchán	Uasmhéid ama stórála (míosa)
Mairteoil	Cumhdaithe i scragall	6 - 8
Uaineoil	Cumhdaithe i scragall	6 - 8
Laofheoil rósta	Cumhdaithe i scragall	6 - 8
Laofheoil i gciúib	I bpíosaí beaga	6 - 8
Uaineoil i gciúib	I bpíosaí	4 - 8
Mionfheoil	I bpacáistí gan spiosraí	1 - 3
Gibléid (píosaí)	I bpíosaí	1 - 3
Ispín Bologna/ salami	Ba chóir bheith i bpacáiste, fiú má tá seicin air	
Sicín agus turcaí	Cumhdaithe i scragall	4 - 6
Gé agus lacha	Cumhdaithe i scragall	4 - 6
Fia, coinín, torc allta	I gcodanna 2.5kg agus mar fhilléid	6 - 8
Éisc uisce úir (Bradán, carbán, corr, siluroidea)	I ndiaidh na boilg agus gainní a ghlanadh amach ar an iasc, nigh agus triomaigh é: más gá, bearr amach an eireaball agus ceann.	2
Iasc thrua: doingean mara, turbard, leith		4
Iasc sailleach (tuinnín, ronnach, iasc gorm, ainseabhaí)		2 - 4
Sliogiasc	Glan agus i málaí	4 - 6
Caibhéar	Ina phacáiste, coimeádán alúmanaim nó plaisteach	2 - 3
Seilide	In uisce le salann, coimeádán alúmanaim nó plaisteach	3

Nóta: *Ba chóir feol reoite a chócaireacht mar fheol úr i ndiaidh díreo. Mura bhfuil an feol déanta tar éis bheith díreoite, ná hathreo é.*

Glasraí agus Torthaí	Ullmhúchán	Uasmhéid Ama Stórála (míosa)
Pónairí chaol agus pónairí	Nigh agus gearr i bpíosaí beaga agus fiuch in uisce	10 - 13
Pónairí	Scil agus nigh agus fiuch in uisce	12
Cabáiste	Glan agus fiuchta in uisce	6 - 8
Cairéad	Glan agus gearrtha i slisní agus fiuchta in uisce	12
Piobar	Bearr an cos, gearr i ndá phíosa, bain an lár agus fiuch in uisce	8 - 10
Spionáiste	Nite agus fiuchta in uisce	6 - 9
Cóilis	Tóg na duilleoga amach, gearr an croí i bpíosaí agus fág in uisce le beagán uisce liomóide ar feadh tamaill	10 - 12
Ubhthoradh	Gearr i bpíosaí 2cm i ndiaidh nite	10 - 12
Grán buí	Glan agus cuir i bpacáiste lena chos nó mar ghrán milis	12
Úll agus piorra	Bain an craiceann agus gearr	8 - 10
Aibreog agus Péitseog	Gearr i bpíosaí agus bain an síol	4 - 6
Sú talún agus Sméara Dubha	Nigh agus scil	8 - 12
Torthaí cócaireáilte	Ag cur 10% siúcra sa choimeádán	12
Pluma, silíní, sméara searbha	Nigh agus scil na cosa	8 - 12

Táirgí déirí	Ullmhúchán	Uasmhéid Ama Stórála (míosa)	Coinníollacha Stórála
Pacáiste (homaiginithe) bainne	Ina phacáiste féin	2 - 3	Bainne - ina phacáiste féin
Cáis - seachas cáis bhán	I sliseanna	6 - 8	Is féidir a phacáiste féin a úsáid ar tréimhse stórála níos faide. Ba chóir é a chumhdú i scragall ar tréimhsí níos faide.
Im, margairín	Ina phacáiste féin	6	

	Uasmhéid Ama Stórála (míosa)	Am díreoite ar theocht an tseomra (uaire)	Am díreoite san oigheann (nóiméid)
Arán	4 - 6	2 - 3	4-5 (220-225 °C)
Brioscaí	3 - 6	1 - 1,5	5-8 (190-200 °C)
Cístí	1 - 3	2 - 3	5-10 (200-225 °C)
Pióg	1 - 1,5	3 - 4	5-8 (190-200 °C)
Taos fillea	2 - 3	1 - 1,5	5-8 (190-200 °C)
Pizza	2 - 3	2 - 4	15-20 (200 °C)

CUID - 4. GLANADH AGUS COTHABHÁIL

- **Dícheangail an t-aonad ón bhfothú cumhachta roimh ghlanadh.**



- Ná cuir uisce ar an ngléas chun glanadh.



- Cinntigh nach dtéann aon uisce isteach i gcásáil an lampa agus comhpháirtithe leictreacha eile.

- Ba chóir an cuisneoir a ghlanadh ó am go ham ag úsáid tuaslagáin décharbónáit sóidiam agus uisce bogthe.





- Glan na hoiriúintí ar leithligh le sobal agus uisce Ná glan iad sa mhiasniteoir.



- Ná húsáid táirgí scríobacha, glantacha nó sobail. I ndiaidh nite, sruthlaigh le huisce glan agus triomaigh go cúramach. I ndiaidh duit glanadh, athcheangail an plug leis an bhfothú príomhlíne le do lámha tirime.



- Glan an comhdhlúiteoir le scuab ar a laghad dhá uair sa bhliain. Cabhróidh sé sin leat sábháil ar chostais fuinnimh agus feidhmíocht a ardú.

IS GÁ AN FOTHÚ CÚMHACHTA A DHÍCHEANGAL.



Díreo



Tá díreo go hiomlán uathoibríoch ag do chuisneoir. Téann an t-uisce a thagann de bharr díreo tríd an bpoll bailithe uisce, sreabhann sé isteach sa choimeádán galaithe ar bhun an chomhdhlúiteora agus galaíonn sé ansin.

- Cinntigh gur dícheangail tú an plug ón gcuisneoir sula nglanan tú an coimeádán galaithe.
- Díscriú na scriúnna de réir na treoracha chun an coimeádán galaithe a bhaint amach. Glan le huisce agus sobal ag amanna sonraithe. Is mar sin gur féidir boladh a chosc.

Soilsiú LED a Athchur

Má tá soilsiú LED ag do chuisneoir, labhair leis an ndeasc cabhrach, ba chóir d'fhoireann údaraithe amháin é sin a athrú.

CUID - 5. IOMPAR AGUS SOCRÚ SUITEÁLA A ATHRÚ

Iompar agus Socrú Suiteála a Athrú

- Is féidir na pacáistí a tháinig agus an polaistiréin cúir (PS) a choimeád más gá.
- Le linn iompair, ba chóir an gléas a dhaingniú le sreang leathan nó rópa láidir. Is gá na treoracha scríofa sa bhosca roctha a leanúint le linn iompair.
- Sula n-iompraítear nó athraítear an socrú suiteála, is gá gach oibiacht a bhogann (seilfeanna, tarraiceáin srl) a thógáil amach nó a dhaingniú le téip chun damáiste orthu a chosc.



An Doras a ath-shuí

- Ní féidir treo oscailte dorais do chuisneora a athrú, má bhíonn hanla an chuisneora suiteáilte ó dhromchla tosaigh an dorais.
- Is féidir treo oscailte an dorais a athrú i samhaltáin gan hanlaí.
- Más féidir treo oscailte dorais do chuisneora a athrú, ba chóir duit labhairt leis an Gníomhaire Seirbhíse Údaraithe is cóngaraí leat chun an treo oscailte a fháil athraithe.

CUID - 6. SULA LABHRAÍONN TÚ LEIS AN SEIRBHÍS IARDHÍOLTA

Seiceáil Rabhaidh:

Tabharfaidh do chuisneoir rabhadh duit má bhíonn teocht ar leibhéal míchuí don fhuaraitheoir agus reoiteoir nó má tharlaíonn fadhb leis an ngléas. Sa chás sin, beidh LED timpeall an chnaipe ag caochadh agus déanfaidh an dordánaí “bíp”.

BRÍ	CÚIS	CAD LE DÉANAMH
“Rabhadh ar Chliseadh”	Tá codanna as ord	Labhair le Seirbhís i gcomhair cúnta go luath.

Mura n-oibríonn do chuisneoir-reoiteoir:

- An bhfuil cliseadh cumhachta ann?
- An bhfuil an plug ceangailte leis an soicéad mar is cuí?
- An bhfuil aidhnín an tsoicéid pléasctha ina bhfuil an plug ceangailte nó sa phríomh-aidhnín?
- An bhfuil cliseadh sa soicéad? Chun é sin a sheiceáil, plugáil do chuisneoir le soicéad a bhfuil ag oibriú.

Mura bhfuil do chuisneoir-reoiteoir ag fuarú go leor:

- An bhfuil an coigeartú teochta i gceart?
- An bhfuil na doirse ar do chuisneoir-reoiteoir oscailte go minic agus fágtha ar oscailt ar tréimhse fada?
- An bhfuil doirse do chuisneora-reoiteora dúnta mar is cuí?
- Ar chuir tú pláta bia i do chuisneoir-reoiteoir ionas go dtéann sé i dteagmháil le balla cúil an chuisneora-reoiteora chun sreabhadh aeir a bhacadh?
- An bhfuil an iomarca i do chuisneoir-reoiteoir?
- An bhfuil fad ceart idir do chuisneoir-reoiteoir agus na ballaí cúil agus taoibh?
- An bhfuil teocht an tseomra sa raon luachanna sonraithe sa lámhleabhar oibriúcháin?

Má bhíonn an bia i d’urrann cuisneora ró-fhuaraithe

- An bhfuil an coigeartú teochta i gceart?
- An bhfuil go leor bia curtha isteach san urrann reoiteora? Má tá, seans go mbeidh an bia san urrann cuisneora ró-fhuaraithe ag do chuisneoir-reoiteoir, ó bheidh sé ag oibriú níos faide chun an bia sin a fhuarú.

Má bhíonn do chuisneoir-reoiteoir ag oibriú ró-thorannach:

Chun an leibhéal fuaraithe socraithe a choinneáil, seans go mbeidh comhbhrúiteoir cumasaithe ó am go ham. Bíonn torainn ó do chuisneoir-reoiteoir normálta ag an am sin mar gheall ar an bhfeidhm. Nuair a shroichtear an leibhéal fuaraithe is gá,

beidh an torann ag ísliú go huathoibríoch. Má fhanann an torann:

- An bhfuil do ghléas cothrom? An bhfuil na cosa coigeartaithe?
- An bhfuil aon rud taobh thiar den chuisneoir-reoiteoir?
- An bhfuil seilfeanna nó plátaí ar na seilfeanna ag crith? Ath-chuir na seilfeanna agus/nó plátaí sa chás sin.
- An bhfuil na hearraí i do chuisneoir-reoiteoir ag crith?

Torainn Normálta:

Torann Scoilte (scoilte oighir):

- Le linn díreo uathoibríoch.
- Nuair a bhíonn an gléas fuaraithe nó téamhaithe (mar gheall ar an ábhar sa ghléas ag dul i méid).

Scoilt Ghearr: Cloistear sin nuair a chasann an teirmeastait an comhbhrúiteoir air/as.

Torann an Chomhbhrúiteora (torainn innill normálta): Ciallaíonn an torann sin go bhfuil an comhbhrúiteoir ag oibriú go normálta. Seans go ndéanfaidh an comhbhrúiteoir níos mó torainn ar tréimhse gearr nuair a chuirtear é ar siúil.

Torann boilgearnach agus stealladh: Tarlaíonn an torann sin de bharr sreafa cuisneáin sna píobáin sa chóras.

Torann sreafa uisce: Torann normálta uisce ag sreabhadh go dtí an coimeádán galaithe le linn díreo. Is féidir an torann sin a chloisteáil le linn díreo.

Torann séideadh aeir (torann feain normálta): Is féidir an torann sin a chloisteáil sa chuisneoir Gan Sioc le linn oibriúcháin normálta an chórais mar gheall ar sreabhadh aeir.

Má thagann an iomarca taise isteach sa chuisneoir-reoiteoir:

- An bhfuil an bia ar fad i bpacáistí cuí? An bhfuil na coimeádáin tirim sula gcuireann tú iad sa chuisneoir-reoiteoir?
- An bhfuil doirse an chuisneora-reoiteora oscailte go minic? Téann tais an tseomra isteach sa chuisneoir-reoiteoir nuair a osclaítear na doirse. Beidh an carnadh taise níos gasta nuair a osclaíonn tú na doirse níos minice, go háirithe má bhíonn go leor taise sa seomra.

Mura n-osclaítear nó dúntar na doirse mar is cuí:

- An bhfuil na pacáistí bia ag cur bac ar an ndoras dúnadh?
- An bhfuil na hurrainn sa doras, seilfeanna agus tarraiceáin curtha isteach i gceart?
- An bhfuil gaiscéid na ndoras briste nó stróicthe?
- An bhfuil do chuisneoir-reoiteoir i ndromchla réidh?

Má bhíonn imill an chófra cuisneora a théann i dteagmháil leis an ndoras te:

Go háirithe sa samhradh (aimsir te), seans go n-eireoidh na dromchlaí sa teagmháil sin níos teo le linn oibriúcháin an chomhbhrúiteora. Tá sin normálta.

Nótaí tábhachtacha:

- I gcás cliseadh cumhachta, nó má bhíonn an gléas díphlugáilte agus plugáilte arís, beidh an gás i gcóras fuaraithe do chuisneora míshocair, agus dá bharr osclóidh eilimint cosanta teirmeach an chomhbhrúiteora. Tosóidh do chuisneoir ag oibriú go normálta i ndiaidh 5 nóiméad.
- Mura mbeidh an gléas in úsaid ar tréimhse fada ama (amhail le linn saoire), dícheangail an plug. Díreoigh agus glan an cuisneoir, fág an doras ar oscailt chun coincleach agus boladh a chosc.
- Má fhanann an fhadhb i ndiaidh duit gach treoracha thuas a leanúint, labhair leis an Lárionad Seirbhíse Údaraithe is cóngaraí duit.
- Tá an gléas seo deartha i gcomhair úsáide an tí agus chun na cuspóirí luaite amháin. Níl sé oiriúnach don úsáid thráchtála nó comónta. Má úsáideann an tomhaltóir an gléas ar bhealach nach gcomhlíonann na treoracha sin, cuirimid béim ar an bhfíric nach mbeidh an déantóir nó an díoltóir ag glacadh aon fhreagrachta as aon dheisiúchán nó cliseadh laistigh den tréimhse barántais.

LEIDEANNA COIGILTE CUMHACHTA

1. Suitigh an gléas i seomra fuar, dea-aeraithe, ach gan bheith faoi sholas díreach na gréine nó in aice le foinse teasa (amhail téitheoir nó oigheann). Más gá é sin a dhéanamh, ba chóir pláta inslithe a úsáid.
2. Lig do bhia agus deochanna te fuarú sula gcuireann tú iad isteach sa ghléas.
3. Cuir bia ag díreo san urrann cuisneora. Cabhróidh teocht íseal an bhia reoite urrann an chuisneora a fhuarú nuair a bhíonn an bia ag díreo. Is féidir leis sin fuinneamh a shábháil. Má ligtear bia reoite le díreo lasmuigh den ghléas, cuirfear fuinneamh amú.
4. Ba chóir deochanna agus leachta eile a chlúdú laistigh den ghléas. Má ligtear gan chlúdach iad, ardóidh an tais istigh sa ghléas, agus dá bharr beidh níos mó fuinnimh in úsáid. Má choinneáiltear deochanna agus leachta eile clúdaithe, ní thagann go leor athrú ar an mboladh nó blas acu.
5. Bí cúramach gan na doirse a fhágáil ar oscailt ar tréimhsí ró-fhada nó na doirse a oscailt ró-mhinic mar go rachfaidh aer te isteach sa ghléas agus casfaidh an comhbhrúiteoir air ró-mhinic.
6. Coinnigh na clúdaigh ar urrainn teochta difriúla (amhail tarraiceáin agus fuaraitheoir) dúnta.
7. Is gá gaiscéad an dorais a ghlanadh agus solúbtha. Athchuir gaiscéid má thagann caitheamh orthu.

CUID - 7. CODANNA DEN GHLÉAS AGUS URRAINN



A) Urrann Cuisneora

B) Urrann an Reoiteora

1) Seilfeanna an chuisneora

2) Raca fíona*

3) Taispeáint inmheánach / rialú sa seomra

4) Fuaraitheoir*

5) Clúdach an tarraiceáin sailéid

6) Tarraiceán sailéid

7) Ciseán bharr an reoiteora

8) Ciseán bhun an reoiteora

9) Cosa leibhéil

10) Tráidirí oighir

11) Seilfeanna gloine an reoiteora*

12) Seilf buidéil

13) Seilf in-choigeartaithe an dorais*/ seilf an dorais

14) Seilf an dorais

15) Coinneálaí ubh

*I samhaltáin áirithe

www.electrolux.com/shop



CE

PNC CODE: 925993259

52271364